Clár Éire Ildánach
*Creative Ireland Programme*

Rialtas Áitiúil Éireann
Local Government Ireland



# Straitéis Cultúir agus Cruthaitheachta

**2023–2027**





## Chontae Chorcaí

**Pictiúir Clúdaigh (C go D):** Eoin Barrett, Anna Gronicka, Frank Moran

# Na Caibidlí


| | | |
|---|---|---|
| | **Réamhrá ón Chathaoirleach agus ón Phríomhfheidhmeannach** | 02 |
| 01 | **Éire Ildánach 2023–2027** | 04 |
| 02 | **Cultúr agus Cruthaitheacht i gContae Chorcaí** | 06 |
| 03 | **Fís Éire Ildánach do Chontae Chorcaí** | 10 |
| 04 | **Mar a fheidhmíonn Clár Éire Ildánach** Prionsabail agus Luachanna Phobail Chruthaitheacha | 11 |
| 05 | **Tosaíochtaí Straitéiseacha do Chontae Chorcaí** | 12 |
| 06 | **Cur chun feidhme arna déanamh ag Foireann Cultúir agus Cruthaitheachta Chontae Chorcaí** | 18 |
| | **Léarscáil de Chontae Chorcaí** | 19 |


Comhairle Contae Chorcaí
Cork County Council

## Réamhrá

Tá earnáil chultúrtha agus chruthaitheach shaibhir agus bhríomhar ag Contae Chorcaí a chuireann go mór le braistint féiniúlachta an chontae agus le caighdeán beatha a saoránach. Tá fianaise ar an méid sin le fáil sna féilte ealaíon éagsúla a reáchtáiltear i ngach cúinne den chontae gach bliain, sa leibhéal dochreidte de léiriú ealaíonta, sna hiarrachtaí atá déantar an oidhreacht chultúrtha shuntasach a chaomhnú agus i leibhéal rannpháirtíochta daoine aonair agus an phobail sna healaíona.

Is é Contae Chorcaí an contae is mó in Éirinn chomh fada is a bhaineann le limistéar geografach agus an dara contae is mó chomh fada is a bhaineann le daonra. Tá timpeallacht agus topagrafaíocht nádúrtha álainn agus éagsúil le fáil sa chontae, timpeallacht agus topagrafaíocht a bhfuil ealaíontóirí, scríbhneoirí, ceardaithe, scannánóirí agus go leor ealaíontóirí cruthaitheacha eile meallta acu le fada an lá. Chuir na daoine sin le saibhreas shaol cultúrtha an chontae ar go leor leor bealaí éagsúla.

Ach tá athrú ag teacht ar dhéimeagrafaic an chontae freisin. Is léir ó dhaonáireamh 2016 go bhfuil daoine ó 93 náisiúntacht dhifriúil ina gcónaí sa chontae agus go bhfuil a dtuiscintí cultúrtha siúd mar bhonn le pobal atá níos éagsúla a chruthú, forbairt a bhfuil fáilte roimpi. Le déanaí, tá go leor daoine a bhí ag teitheadh ón gcogadh san Úcráin tar éis lonnú sa chontae, agus tá sé beartaithe againn tacú lena lánpháirtiú siúd trí chláir cosúil le hÉire Ildánach.

Tá a thraidisiúin dhúchasacha chultúrtha féin ag an gcontae, lena n-áirítear ceol agus amhráin uathúla Shliabh Luachra in Iarthuaisceart an chontae, caomhnú na Gaeilge agus na nósanna sa dhá cheantar Gaeltachta, Múscraí agus Cléire, scéalaíocht, rince seit agus amhránaíocht ar an sean-nós agus traidisiúin, teanga agus nósanna phobal an lucht siúil.

Contae na Reibiliúnach a thugtar ar an gcontae sa ghnáthchaint, tagairt do neamhspleáchas, ceartas agus tiomantas do phrionsabail ar ábhar bróid do phobal an chontae iad.

I rith phaindéim COVID-19, tarraingíodh aird ar an tábhacht a bhaineann le Cultúr agus Cruthaitheacht i saol ár saoránach. Chuaigh daoine i muinín na n-ealaíon, an chultúir agus na cruthaitheachta chun cabhrú leo a mbealach a dhéanamh trí thréimhse dhúshlánach a tháinig aniar aduaidh ar gach duine. Bhí sé seo mar bhonn le feasacht agus meas athnuaite ar na buntáistí pearsanta a bhaineann le páirt a ghlacadh i ngníomhaíocht chruthaitheach.

Mar Mheára Chontae Chorcaí, fáiltím roimh an straitéis seo. Is é atá mar aidhm leis an straitéis cur lenár dtuiscint ar chumhacht chlaochlaitheach an Chultúir agus na Cruthaitheachta agus cosáin éagsúla a bhunú ar féidir linn tairbhe a bhaint astu chun na pobail a bhfuilimid ag maireachtáil ina measc a fheabhsú.

**An Comhairleoir Danny Collins**
Méara Chontae Chorcaí

Tá lántairbhe bainte ag Comhairle Contae Chorcaí as clár Éire Ildánach ó bunaíodh é in 2017. Trí sin a dhéanamh, is léir dúinn conas a nascann an clár Éire Ildánach leis an obair a dhéanaimid agus conas a chuireann sé leis an obair a dhéanaimid.

Tá dlúthnasc againn leis na pobail a bhfuilimid ag freastal orthu trínár mbaill thofa agus trí na seirbhísí atá á soláthar againn. Is eol dúinn go mbaineann luach agus buntáistí le hinfheistíocht straitéiseach sna healaíona, sa chultúr, oidhreacht agus forbairt pobail. Is é an aidhm atá againn, mar údarás áitiúil, a chinntiú gur áit mhealltach é Corcaigh chun cónaí inti, oibriú inti, cuairt a thabhairt uirthi agus infheistiú inti. Gné ríthábhachtach den obair seo é éiceachóras bríomhar, gníomhach, cultúrtha agus cruthaitheach.

Beidh go leor acmhainní in úsáid chun cabhrú linn aidhmeanna na straitéise seo a chomhlíonadh. Tá líonra leabharlann bunaithe againn ar fud an chontae atá forbartha chun raon seirbhísí, imeachtaí agus gníomhaíochtaí cultúrtha a sholáthar agus is spásanna iad seo freisin a mbaineann go leor grúpaí cultúrtha agus cruthaitheacha úsáid ghníomhach astu i rith na bliana. Tá infheistíocht déanta againn in go leor féilte ealaíon agus cultúrtha, imeachtaí bliantúla tábhachtacha a thugann an pobal ar fad le chéile, príomhghné den tairiscint chultúrtha atá á cur ar fáil againn do chuairteoirí agus a mbaineann tábhacht gheilleagrach leis sa cheantar áitiúil.

Mar údarás áitiúil, tá dualgas orainn ár n-Oidhreacht ar fad, fisiciúil, doláimhsithe agus nádúrtha, a chaomhnú. Tá na hacmhainní seo á gcaomhnú againn. Táimid ag iarraidh go mbeidh taitneamh agus tairbhe á baint ag an bpobal as na hacmhainní uathúla seo. Nasctha leis seo, tá an tábhacht a bhaineann le ról a bheith againn i gcur leis an tuiscint atá ag daoine ar an tionchar atá againn ar an aeráid agus ar an timpeallacht, agus cúis áthais dom gur réimse tosaíochta é seo sa Straitéis Chultúir agus Chruthaitheachta.

Bunaithe ar dhaonáireamh 2016, tá breis is 120,000 leanbh agus duine óg, atá faoi 19 mbliana d'aois, ina gcónaí sa chontae agus tá an figiúr seo ag dul i méid. Is scil bhunriachtanach í cruthaitheacht a chuirfidh ar chumas daoine óga dúshláin na todhchaí a shárú. Cúis áthais dúinn go bhfuil Éire Ildánach, ag leibhéal náisiúnta, ag tacú le bearta éagsúla chun forbairt chruthaitheach leanaí agus daoine óga a spreagadh.

I rith ár bpróiseas comhairliúcháin, tháinig roinnt príomhthéamaí chun solais. Áiríodh ina measc an gá atá le leibhéil líonraithe, roinnte eolais agus comhoibrithe níos fearr mar bhealach chun cruthaitheacht a spreagadh ag leibhéal an phobail. Tagraíodh don tábhacht a bhaineann le cultúr agus cruthaitheacht i ndáil le saincheisteanna chomh héagsúil le comhfhorbairt áite, forbairt gheilleagrach, folláine agus an timpeallacht go minic mar aon leis an ngá díriú ar conas a bhféadfadh ealaíontóirí agus daoine cruthaitheacha eile níos mó tairbhe a bhaint as clár oibre Éire Ildánach. Tá breithniú déanta ar na téamaí sin, téamaí atá mar bhonn le forbairt na físe straitéisí seo.

Ó 2017, tá an-dul chun cinn déanta ag Clár Éire Ildánach agus tá sé beartaithe againn níos mó a dhéanamh idir seo agus na cúig bliana atá amach romhainn. Tá Foireann Chultúir agus Chruthaitheachta bunaithe a bhfuil pearsanra ó roinn stiúrthóireachta páirteach inti, fianaise go dtuigimid go bhfuil cultúr agus cruthaitheacht leabaithe i roinnt réimsí seirbhíse éagsúla. Is mian liom aitheantas a thabhairt do bhaill na Foirne Cultúir agus Cruthaitheachta as an obair atá déanta acu i ndáil le forbairt na straitéise seo agus ar mhaithe leis na gníomhaíochtaí straitéiseacha a chur i bhfeidhm sna blianta amach romhainn.

Is féidir le Contae Chorcaí a bheith bródúil as a earnáil chultúrtha agus chruthaitheach, idir na heagraíochtaí deonacha áitiúla ealaíon agus na léiritheoirí cultúrtha ar fad lena n-áirítear an earnáil scannán agus closamhairc, dearthóirí, déantóirí, ealaíontóirí, scríbhneoirí, ceoltóirí agus ceardaithe mar aon leis an spás geilleagrach cruthaitheach, digiteach nua atá á fhorbairt. Is iad na daoine sin atá freagrach as cruthaitheacht a mhúnlú inár bpobal agus ábhar bróid dúinn a bheith ag obair leo agus ag tacú leo.

Mar Phríomhfheidhmeannach Chomhairle Contae Chorcaí, fáiltím roimh an straitéis seo agus beimid ag obair i gcomhpháirt le Éire Ildánach chun tacú le cur chun feidhme na straitéise.

**Tim Lucey**
Príomhfheidhmeannach
Chomhairle Contae Chorcaí

# 1 Éire Ildánach
## 2023–2027

Is tionscnamh uile-rialtais é Clár Éire Ildánach atá tiomanta do rochtain a fheabhsú i dtaobh chultúr agus chruthaitheacht na hÉireann, rannpháirtíocht iontu a fheabhsú agus an sásamh a bhaintear astu a fheabhsú. Laistigh den réimse leathan de shainmhínithe atá ar fáil, meastar an chruthaitheacht a bheith ina shraith de chumais nádúrtha agus scileanna foghlama; ábaltacht daoine aonair agus eagraíochtaí smaointe agus gnásanna a nglactar leo a shárú agus trí úsáid a bhaint as an tsamhlaíocht chun smaointe nua a chruthú a thugann fiúntas breise do ghníomhaíocht an duine.

Is é fís Chlár Éire Ildánach 2023–2027 an chruthaitheacht a bheith ina gnáthchuid de shaol an náisiúin chun go mbeimid ábalta an cumas iomlán cruthaitheachta atá ionainn, inár saol pearsanta agus inár n-institiúidí, asainn féin agus i ngrúpaí, a thabhairt chun fíre agus folláine an duine aonair, an phobail agus an náisiúin a chur chun cinn.

Déanfaidh Clár Éire Ildánach maith air sin trí oibriú i gcomhar agus i gcomhpháirtíocht ag cur tuiscint agus meas ar luach na cruthaitheachta i ngach aon fhoirm chun cinn-cé acu ar trí na healaíona, cultúr, oidhreacht nó teicneolaíocht é.

**Déanfaidh Clár Éire Ildánach tús áite a thabhairt dá chuid oibre bunaithe ar chúig ghné don tréimhse 2023–2027:**

1. Óige Ildánach
2. *Pobail Ildánacha*
3. Tionscail Ildánacha
4. Sláinte agus Folláine Ildánach
5. Gníomhú ar son na hAeráide agus Inbhuanaitheacht Ildánach

Faoi Chlár Éire Ildánach, tacaíonn *Pobail Ildánacha* leis an gcomhpháirtíocht idir an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán, an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta agus údaráis áitiúla na hÉireann. Cuireann an chomhpháirtíocht seo ar chumas saoránach agus pobal a gcultúr agus a gcruthaitheacht a fhiosrú ag an leibhéal áitiúil agus, nuair is cuí, leas a bhaint as an gcruthaitheacht sin chun an fholláine a neartú, aontacht shóisialta a bhrú chun cinn agus tacú le forbairt eacnamaíoch.

Tá *Pobail Ildánacha* nuálach chomh maith i dtaobh an chruthaitheacht a spreagadh chun lánpháirtiú níos mó a bhaint amach ar fud tosaíochtaí beartais spriocdhírithe. Mar thoradh air sin tá tionscnaimh rannpháirtíochta cruthaitheachta nua bainte amach maidir le leanaí agus daoine óga, daoine níos sine, gníomhú ar son na haeráide agus geilleagair áitiúla, mar shampla. Tá dearcadh daoine aonair agus pobail maidir leis an ról agus luach atá ag an gcultúr agus ag an gcruthaitheacht lárnach inár bhfolláine sa chiall is leithne ag feabhsú.

Is chun tacú le rannpháirtíocht, uilechuimsiú daoine agus iad a bheith ábalta iad féin a chur in iúl laistigh de phobail atá i gceist leis an deis a glacadh go fonnmhar i Straitéis Cultúir agus Cruthaitheachta 2023–2027 Lú agus geilleagair áitiúla cruthaitheachta a neartú tuilleadh.



*Cruinniu na nOg 2022.*
**Photograph:** Anna Groniecka



A Sound Initiative.
**Photograph:** Anna Groniecka

# 2 Cultúr agus Cruthaitheacht i gContae Chorcaí

*Kinsale. The kind of rain we knew is a thing of the past— deep-delving, dark, deliberate you would say, browsing on spire and bogland; but today our sky-blue slates are steaming in the sun, our yachts tinkling and dancing in the bay like racehorses. We contemplate at last shining windows, a future forbidden to no one.*
**Derek Mahon 1941-2020**

Reproduced by kind permission of the Estate of Derek Mahon and The Gallery Press www.gallerypress.com

Tá sé oiriúnach tús a chur le caibidil dar teideal Cultúr agus Cruthaitheacht i gContae Chorcaí le focail mórfhile a chaith roinnt mhaith blianta ag cur faoi sa chontae agus a cailleadh in 2020. Tá an dorchadas agus an solas curtha taobh lena chéile ag Derek Mahon sa dán dar teideal Kinsale: Is ionann an dorchadas agus Éire sa ré atá caite, faoi smacht agus dearóil ach tír a bhí ag díriú ar fhís a bhí geal, nua-aimseartha, oscailte, fiosrach, cruthaitheach agus rathúil atá lán le féidearthachtaí agus 'forbidden to no one'. Is ionann an íomhá deiridh sin agus ár n-uaillmhian don straitéis seo.

Tá clár Éire Ildánach i ndiaidh cur go mór le saol go leor pobal agus daoine aonair i gContae Chorcaí. Is é atá mar aidhm leis an gclár cosáin a chruthú a bheidh mar bhonn le neart féidearthachtaí cruthaitheacha agus cultúrtha, a chruthóidh nasc idir daoine aonair agus pobail agus spreagfaidh daoine de gach aois díriú ar a bpoitéinseal cruthaitheach féin.

Tá sé mar aidhm le Éire Ildánach a chinntiú go mbeidh cultúr agus cruthaitheacht ag croílár go leor de na seirbhísí atá á soláthar ag an Údarás Áitiúil. Tá foireann Chultúr agus Chruthaitheachta Chomhairle Contae Chorcaí ag díriú ar an méid sin, daoine atá ag obair i stiúrthóireachtaí éagsúla i réimsí chomh héagsúil leis an oiriúnú don athrú aeráide, comhfhorbairt áite, forbairt gheilleagrach, mar aon leis an feidhmeanna cultúrtha na n-ealaíon, leabharlanna, turasóireacht, oidhreacht agus teanga a bhfuil tuiscint níos fearr againn orthu. Baineann an grúpa seo tairbhe as comhoibriú trasdisciplíneach agus spreagann sé tionscnaimh nua chun tacú leis an seirbhísí atá á soláthar againn agus chun na seirbhísí sin a fheabhsú.

Cabhraíonn Coiste um Beartas Straitéiseach Ealaíon, Cultúir agus Teangacha Chomhairle Contae Chorcaí le ceapadh, forbairt agus athbhreithniú na mbeartas ar fad a bhfuil tionchar acu ar sholáthar cultúrtha agus tá ról maoirseachta aige i bhforbairt agus in oibriú an chláir Éire Ildánach sa seo go ceann cúig bliana.

Is é Contae Chorcaí an contae is mó in Éirinn, tá achar talún an chontae cothrom le 7,500 km² agus tá daonra an chontae cothrom le 332,255. Cosúil le contaetha eile, tá Corcaigh ag éirí níos éagsúla. I nDaonáireamh 2016, sainaithníodh 93 náisiúntacht eitneach, a bhí cothrom le 12% den daonra. Leanaí agus daoine óga idir 0 agus 19 mbliana d'aois ba ea 122,511 den daonra agus daoine níos sine ná 65 bliain d'aois ba ea 45,800 den daonra. Is léir bunaithe ar réamhfhigiúirí ó Dhaonáireamh 2022 go raibh daonra Chontae agus Chathair Chorcaí méadaithe 7.1% rud a chiallaigh go raibh an daonra iomlán cothrom le 581,231.

Tá dhá cheantar Gaeltachta i gContae Chorcaí; Cléire agus Gaeltacht Mhúscraí a áirítear iontu ceantar ag an taobh thiar de Mhaigh Chromtha, Baile Bhuirne, Baile Mhic Íre, Cúil Aodha, Ré na nDoirí, Cill na Martra, Guagán Barra agus Béal Átha an Ghaorthaidh. Tá bonn reachtúil na straitéise don Ghaeilge 2010- 2030 le fáil in Acht na Gaeltachta (2012) augs aithnítear inti na Ceantair Phleanála Gaeltachta (LPT), na Bailte Seirbhíse Gaeltachta agus na Líonraí Gaeilge. In 2019, chuir Comhairle Contae Chorcaí Plean Caomhnaithe, Bainistíochta agus Léirithe Mhúscraí i dtoll a chéile, Plean ina dtugtar léargas iomlánaíoch ar oidhreacht an cheantair seo a bhfuil cultúr uathúil le fáil ann.

Tacaítear i bPlean Corparáideach Chomhairle Contae Chorcaí 2019-2024 *"... cur chuige comhoibríoch maidir le pobail shláintiúla, ionchuimsitheacha agus athléimneacha a fhorbairt trí fhorbairt shóisialta agus gheilleagrach, agus ár pobail uirbeacha agus tuaithe a fheabhsú trí dhíriú ar éiteas atá bunaithe ar chaighdeán na beatha".* Tá Comhairle Contae Chorcaí airdeallach ar an ról suntasach atá ag go leor de na heagraíochtaí deonacha a thacaíonn le rannpháirtíocht chultúrtha agus chruthaitheach ar fud an chontae. Gan a leithéid, bheadh go leor de shaol cultúrtha an chontae laghdaithe. Tá sé mar aidhm ag Comhairle Contae Chorcaí leanúint ar aghaidh ag obair le agus le hacmhainn a fhorbairt san earnáil seo. Téamaí coiteanna inár gcomhairliúchán poiblí iad deiseanna le haghaidh níos mó líonraithe agus comhoibrithe idir eagraíochtaí áitiúla. Chomh maith leis sin, tá dúshláin gan choinne le sárú ag an earnáil lena n-áirítear costais atá ag méadú, comhlíonadh rialála srl. Tarraingíodh aird freisin ar easpa feasachta maidir leis na hacmhainní cruthaitheacha agus cultúrtha a bhí ar fáil.

Tá Comhairle Contae Chorcaí tiomanta do chomhionannas, éagsúlacht agus ionchuimsiú. Tá an tuiscint seo leabaithe inár bpróisis agus táimid ag tacú léi trí chlársceidealú spriocdhírithe, tacú lenár gcearta maidir le hardchaighdeán beatha, cur le agus páirt a ghlacadh i saol an phobail. Tugtar aitheantas d'éagsúlacht riachtanas na saoránach ar fad ag gach céim den saol, le n-áirítear riachtanais chultúrtha agus mionlaigh eitneacha. Cuirtear san áireamh gur tugadh bacainní ar rannpháirtíocht faoi deara agus tá sé mar aidhm oibriú le pobail chun tacú le rannpháirtíocht chultúrtha agus le ceannaireacht chultúrtha sa chontae. Tá fianaise ar an méid seo le fáil inár *Rainbow Library Project* le daoine óga LGBTQI+, ár gclár sorcais le hIonaid Soláthair Dhírigh agus ár gclár *Creativity in Older Age*. Chiallaigh ár gclár cónaitheachta d'ealaíontóirí go raibh an t-am agus an deis ag roinnt ealaíontóirí agus ag staraí tacú le rannpháirtíocht chruthaitheach ar fud an chontae. Sonraítear an méid seo a leanas i bPlean Corparáideach Chomhairle Contae Chorcaí *"Ár dtimpeallacht thógtha agus nádúrtha a chosaint trí fhorbairt inbhuanaithe agus tairbhe a bhaint as cleachtais oiriúnaithe agus mhaolaithe aeráide a bhfuil tionchar dearfach acu chomh fada is a bhaineann lenár n-uaillmhian maidir leis an athrú aeráide a chomhlíonadh".* Tacaíonn an straitéis seo leis an deis tairbhe a bhaint as cuir chuige atá bunaithe ar chruthaitheacht chun cabhrú linn an cuspóir tábhachtach seo a chomhlíonadh.

Téamaí suntasacha i bPlean Forbartha Contae 2022-2028 iad nasc agus comhfhorbairt áite. Tá na croíphrionsabail de chaighdeán na beatha — inbhuanaitheacht, gníomhú ar son na haeráide, ionchuimsiú sóisialta, comhfhorbairt áite agus athléimneacht - mar bhonn le fís agus príomhaidhmeanna an Phlean don chontae: *"Is í an Fhís atá ann freastal ar fhorbairt Chontae Chorcaí mar áit mhealltach, iomaíoch agus inbhuanaithe le maireachtáil inti, cuairt a thabhairt uirthi agus gnó a dhéanamh inti, agus áit ina bhfuil caighdeán an gheilleagair, na timpeallachta nádúrtha agus tógtha, an chultúir agus neart agus inmharthanacht na bpobal tuaithe agus uirbeach ag an gcaighdeán is airde agus is féidir".*

Cuireann cultúr agus cruthaitheacht le cláir athnuachana atá á stiúradh ag an gcomhairle i mbailte agus i sráidbhailte, agus tá an cumas acu tacú le tuilleadh comhoibrithe i measc déantóirí agus ealaíontóirí, luach a chur leis an eispéireas uirbeach agus áiteanna cruthaitheacha nua, fáilteacha a chruthú i lár bailte. Táimid buíoch as an tacaíocht atá á cur ar fáil ag Éire Ildánach chun roinnt micrithionscadal agus fiontar sóisialta cruthaitheach a bhunú a bhfuil sé mar aidhm leo forbairt a dhéanamh i mbailte cosúil le Mainistir Fhear Maí, Mala, Cill Ia, Carraig Uí Leighin agus Eochaill.

Fianaise ba ea an tslí ar chuir paindéim COVID-19 isteach ar shaol daoine agus an tslí a raibh daoine fágtha ina n-aonar ar an luach agus ar an ngá atá le cruthaitheacht inár saol. Chomh maith leis sin, spreag sé daoine chun smaoineamh ar úsáid a bhaint as teicneolaíocht chun nascadh le daoine eile, obair a dhéanamh agus tairbhe a bhaint as modhanna cumarsáide digiteacha nua. Chomh maith leis sin, tharraing an phaindéim aird ar athléimneacht pobal, féidearthachtaí nua maidir le húsáid a bhaint as spásanna poiblí taobh amuigh agus an luach a bhaint le comhfhorbairt áite, agus nasc cultúrtha chun tacú le comhtháthú sóisialta agus folláine.

## 2018–2022

Idir 2018 agus 2022, ghlac breis is 200,000 duine páirt i dtionscnaimh de chuid an chláir Éire Ildánach faoi stiúir Chomhairle Contae Chorcaí. Le 5 bliana anuas, thacaigh an Clár Éire Ildánach le Comhairle Contae Chorcaí chun tionscnaimh agus tionscadail a fhorbairt agus a éascú a bhfuil tionchar lánbhrí acu ar na rannpháirtithe agus ar na bpobail rannpháirteacha. Trí thacú le tionscadail chruthaitheacha atá ailínithe lenár n-aidhmeanna straitéiseacha d'éirigh linn ár mbeartas poiblí a chomhtháthú ar bhealach iomlánaíoch ag leibhéal áitiúil. Áiríodh i measc gnéithe áirithe de Straitéis Chultúr agus Chruthaitheachta Chontae Chorcaí 2018–2022:

— Ón mbliain 2018 tá maoiniú curtha ar fáil againn d'ealaíontóirí agus d'eagraíochtaí pobail le haghaidh tionscadal a bhfuil cuspóirí Éire Ildánach á gcomhlíonadh acu. Foinse úsáideach de mhaoiniú breise a bhí ann a chuir ar chumas grúpaí áitiúla tionscadail shamhlaíocha agus inrochtana a fhorbairt ina bpobal féin.

— Leanaí agus Daoine Óga: Áirítear ina measc seo cláir léitheoireachta, Féile Litríochta do Dhéagóirí, cónaitheachtaí d'ealaíontóirí éagsúla agus *Cruinniú na nÓg.*

— Trí chlár Éire Ildánach d'éirigh linn deiseanna nua a fhorbairt le haghaidh rannpháirtíocht chruthaitheach do dhaoine scothaosta sa phobal agus do dhaoine atá ina gcónaí i suíomhanna cúraim. Áirítear anseo ár gclár faisnéise raidió dar teideal *On The Wireless,* sobalchlár raidió dar teideal *The Estate* agus ár Sraith Ceolchoirmeacha Cúraim Covid ar ghlac ceoltóirí áitiúla páirt inti agus *Mobile Music Machine.* Chomh maith leis sin, dhíríomar ar bhealaí inar féidir linn tacú le daoine scothaosta páirt a ghlacadh i saol cultúrtha an phobail i ndiaidh ré COVID-19. Mar thoradh air seo bunaíodh Comrádaithe Cultúrtha, comhpháirtíocht le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, Comhairle Cathrach Chorcaí agus Cónaidhm Mumhan de Mhuintir na Tíre. Tá sé mar aidhm le Comrádaithe Cultúrtha Chorcaí níos mó deiseanna a chur ar fáil do dhaoine scothaosta tairbhe a bhaint as cultúr ag leibhéal áitiúil agus náisiúnta.

— Is éard atá i gceist le *A Sound Initiative* scéim iasachta uirlisí saor in aisce atá forbartha go mór tríd an gClár Éire Ildánach. Is féidir le haon duine uirlis a fháil ar iasacht saor in aisce agus triail a bhaint as a rogha uirlise roimh uirlis a cheannach dó/di féin. Beidh ceardlanna ábhartha á reáchtáil i leabharlanna ón mbliain 2023 ar aghaidh.

— Thacaigh an clár Éire Ildánach le tionscnaimh atá ag tacú leis an nGaeilge trí Oifig na Gaeilge nó trí thionscnaimh a mhol grúpaí neamhspleácha. Le déanaí coimisiúnaíodh dráma nua do pháistí, *An Sean Bhean Óg,* a scríobh Grace Kiely agus a léirigh Cuideachta Amharclannaíochta Graffiti.

— Glactar le hoidhreacht an chontae mar acmhainn thábhachtach chultúrtha agus chruthaitheach ba cheart a bheith inrochtana do chách. Trínár nOifig Oidhreachta d'fhorbraíomar roinnt tionscnamh agus thacaíomar le foilseacháin éagsúla lena n-áirítear Oidhreacht Dhaite Chontae Chorcaí, sraithe leabhar dathúcháin do leanaí atá bunaithe ar fhoirgnimh shuntasacha oidhreachta atá lonnaithe mórthimpeall an chontae.

— In 2022, stiúir Oifig Fiontair Áitiúil Chorcaí Theas cuibhreannas d'Oifigí Fiontair Áitiúil a bhí páirteach i dtairiscint rathúil a cuireadh faoi bhráid Éire Ildánach a raibh sé mar aidhm léi cur leis an leibhéal gníomhaíochta atá ar bun san earnáil beochan scannán i gCúige Mumhan. Tacaíonn Scéim na nGnólachtaí Nuathionscanta Cruthaitheacha le healaíontóirí, dearthóirí agus ceardaithe ionaid a bhunú i spásanna miondíola, agus ionaid tráchtála i mbailte agus i sráidbhailte a thabhairt chun beochta. Tá gnólachtaí nuathionscanta cruthaitheacha eagraithe ag *Blackwater Valley Makers,* Mainistir Fhear Maí, *Owenabue Artists Collective,* Carraig Uí Leighin, *The Wildflower Creative,* Eochaill agus preabthionscadail shealadacha níos lú i mbailte eile.

— Reáchtáil *Circus Factory* ranganna in Ionaid Soláthair Dhírigh i Mala, Caisleán an Driseáin, Maigh Chromtha agus Cloich na Coillte, agus tugadh deis do dhaoine scileanna sorcais a shealbhú, foghlaim conas iad féin a chur in iúl ar bhealach cruthaitheach agus forbairt phearsanta a dhéanamh. Déanfar tuilleadh forbairt air seo i gcomhpháirt leis na hionaid agus leis an *Circus Factory* in 2023.

— Tá obair á déanamh ag an bhFoireann Chultúir agus Chruthaitheachta chun cuspóirí forbartha turasóireachta na Comhairle a ailíniú agus tacú leo. Áirítear anseo tacú leis an gcontae mar cheann scríbe agus cuireadh maoiniú ar fáil le haghaidh tionscadal scannán a tharraingíonn aird ar acmhainní cultúrtha saibhre an chontae agus ar go leor tionscnamh eile.

**Chabhraigh aiseolas ó roinnt grúpaí, ealaíontóirí agus gairmithe cruthaitheacha i gCorcaigh linn straitéis 2018– 2022 a chur i bhfeidhm:**

> *"Suiteáladh Miss Polly Pollinator agus Miss Betty Butterfly, dhá dhealbh mhóra in dhá pháirc i gCeann Toirc. Tá siad déanta de bheagnach 200 buidéal plaisteach. Na healaíontóirí Anton agus Kate Rushinov a rinne na dealbha agus a shuiteáil iad le cabhair ó oibrithe deonacha choiste na mBailte Slachtmhara agus Seid na bhFear atá bunaithe sa cheantar áitiúil. Is mór an spórt iad na dealbha agus tá gach duine ag caint fúthu".*

**Mary Corbett**
— Coiste Bailte Slachtmhara Cheann Toirc.

> *"Bhí mé páirteach in agus ag feidhmiú mar éascaitheoir tionscadal scannánaíochta do dhaoine óga a bhí á maoiniú ag an gComhairle Contae agus ag Éire Ildánach. Cúis áthais dom go bhfuil na tionscadail seo ag dul ó neart go neart le blianta beaga anuas, agus go bhfuil deiseanna á gcur ar fáil do dhaoine óga i gceantair tuaithe iad féin a chur in iúl go cruthaitheach agus scileanna teicniúla agus sóisialta a fhorbairt".*

**Elena Horgan**
— Scannánóir Cónaithe Chontae Chorcaí.

> *"Ceann de na rudaí is fearr faoi Fhéile Ealaíon Mhainistir na Corann go bhfuil caidreamh bunaithe le grúpaí eile mar aon le spás atá oiriúnach do chúrsaí cruthaitheachta. Chuir an tacaíocht a chuir Éire Ildánach ar fáil dúinn ar ár gcumas an tsuiteáil fuaime dar teideal Sounding the Town – Change Climate Change by Danny McCarthy a choimisiúnú. Cuimsíodh sa saothar seo smaointe agus tuairimí grúpaí áitiúla eile maidir leis an athrú aeráide".*

**Belinda Walsh**
— Féile Ealaíon Mhainistir na Corann.

> *"Tá caidreamh fiúntach bunaithe ag Circus Factory le leanaí atá ina gcónaí in Ionaid Soláthair Dhírigh, trí spás a chur ar fáil dóibh chun féith na cruthaitheachta a aclú, scileanna nua a fhoghlaim agus tamall a chaitheamh ag spraoi. Tá go leor buntáistí ag baint le Circus a théann chun tairbhe meabhairshláinte agus sláinte fhisiciúil na rannpháirtithe, is léir dúinn ar fad go bhfuil tírdhreach Chorcaí tugtha chun beochta ag Circus".*

**Isabella Dogliani**
— Circus Factory, Corcaigh.

Tacaíonn an straitéis seo le tiomantas leanúnach Chomhairle Contae Chorcaí do thacú le rochtain ar chruthaitheacht agus cultúr do phobail na háite nó do phobail a gcuirtear spéis iontu. Bíonn ról lárnach aige i gcónaí in athbheochan sráidbhailte agus bailte i gCorcaigh. Tugtar daoine le chéile tríd an riachtanas comhroinnte a bheith cruthaitheach, smaointe a fhorbairt agus a chur i dtoll a chéile, agus braistint chomhchoiteann maidir le folláine a chruthú. Cosúil le fís Derek Mahon d'Éirinn nua-aimseartha, tá súil againn, i gceann cúig bliana, go mbeidh na héachtaí atá bainte amach mar thoradh ar an straitéis seo, tar éis cur ar bhealach éigin le Corcaigh a fhorbairt mar chontae atá níos ionchuimsithí agus contae ina bhfuil an fhéidearthacht agus an deis ag gach duine a bpoitéinseal cruthaitheach pearsanta agus pobail a bhaint amach.

# 3 Fís Éire Ildánach do Chontae Chorcaí

Beidh Contae Chorcaí ag feidhmiú mar áit ina mbeidh rochtain ag gairmithe cruthaitheacha ar oiliúint agus ar thacaíocht ionas gur féidir leo a gcuid oibre a dhéanamh ina gceantair áitiúla, agus beidh siad nasctha le agus in ann líonrú le cleachtóirí agus grúpaí cosúla ag leibhéal áitiúil agus náisiúnta. Tá an acmhainn ag eagraíochtaí deonacha a gcuid gníomhaíochtaí a chothabháil agus a fhorbairt trí infheistíocht straitéiseach, oiliúint agus forbairt líonraí.

**Nasctha**

Tá Clár Éire Ildánach Chontae Chorcaí 2023 -2027 ag tacú le cur chuige comhoibríoch agus nuálacha maidir le folláine an phobail, comhtháthú sóisialta agus forbairt gheilleagrach trí chláir atá dírithe ar na healaíona, cultúr, oidhreacht agus teicneolaíocht. Tá an Clár ionchuimsitheach agus airdeallach ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag cultúr agus cruthaitheacht ar fholláine daoine aonair, pobal agus daoine a thugann cuairt ar ár gcontae. Cuirtear san áireamh sa Straitéis seo an ról a d'fhéadfadh a bheith ag cultúr agus ag cruthaitheacht i bhforbairt agus i bhfás Chontae Chorcaí. Tá sé mar aidhm leis an Straitéis leanúnachas a chinntiú, a chinntiú go gcuirtear leis an méid a cuireadh i gcrích mar thoradh ar an gcéad Straitéis Éire Ildánach 2018-22 a chuir an chomhairle i gcrích, trí bhéim straitéiseach a leagan ar chumhachtú pobal agus rannpháirtíocht chruthaitheach ionchuimsitheach a chumasú trí bheartas, cleachtas, rannpháirtíocht agus comhpháirtíocht. Beidh béim á leagan ar chlársceidealú forbarthach, pobal-lárnach a mbeidh tionchar fadtéarmach, inbhuanaithe aige. Beidh Foireann Chultúir agus Chruthaitheachta láidir ag tacú leis an aidhm straitéiseach seo.

**Ionchuimsitheach**

Is í fís Éire Ildánach do Chontae Chorcaí go mbeidh rochtain ag gach duine ar fud an chontae ar chultúr agus ar chruthaitheacht. Samhlaímid go mbeidh nasc níos fearr bunaithe ag daoine de gach aois lena bpobal, timpeallacht agus cultúr áitiúil. Beidh deiseanna inrochtana agus ionchuimsitheacha ar fáil i gCorcaigh a chuirfidh ar chumas daoine díriú ar a réimsí spéise cruthaitheacha, nasc a bhunú le daoine eile agus a gcultúr a cheiliúradh ina gceantair áitiúla agus ar fud an chontae.

**Inbhuanaithe**

Forbrófar acmhainn Chomhairle Contae Chorcaí chun cultúr agus cruthaitheacht a chomhtháthú agus a chothabháil i ndáil le raon freagrachtaí cosúil le seirbhísí cultúrtha pobail, oidhreacht, comhfhorbairt áite, an Ghaeilge, timpeallacht, pobail nua, ionchuimsiú, athbheochan agus i ndáil leis an gcuspóir uileghabhálach - áiteanna atá níos bríomhaire, níos cruthaithí agus níos inbhuanaithe chun maireachtáil iontu.



# 4 Mar a fheidhmíonn Clár Éire Ildánach
## Prionsabail agus Luachanna Phobail Chruthaitheacha

Leanfaidh *Pobail Ildánacha* ag tacú le húdaráis áitiúla ina straitéis folláine trí:

— **Beartas** — Ag obair i gcomhar ar fud an rialtais ag tacú le húdaráis áitiúla beartais agus tosaíochtaí ábhartha áitiúla, réigiúnacha agus náisiúnta a chur ar fáil;

— **Cleachtadh** — Foirne Cultúir agus Cruthaitheachta Solúbtha, i réimsí éagsúla ag cur cur chuige sofhreagrúil agus inoiriúnaithe ar fáil atá lárnach do sheachadadh *Pobail Ildánacha* de réir mar atáthar ag tabhairt aghaidh ar thosaíochtaí atá ábhartha go háitiúil.

— **Rannpháirtíocht** — Níos mó deiseanna a chur ar fáil do dhaoine le bheith páirteach iontu agus sult a bhaint as an gcultúr agus cruthaitheacht ag an leibhéal áitiúil i mbealaí a chuireann bonn agus taca faoi chomhionannas rochtana; agus

— **Comhpháirtíocht** — Idir an rialtas láir agus an rialtas áitiúil, agus Ros Comáin agus na hearnálacha áitiúla cultúir agus cruthaitheachta atá againn.

Tá an cur chuige seo bunaithe ar aghaidh a thabhairt ar chlár roinnte, straitéiseach agus maith a dhéanamh ar na dúshláin agus deiseanna ar leith atá i ngach limistéar údaráis áitiúil.

Déanfar comhpháirtíocht *Pobail Ildánacha* a sheachadadh i gcomhréir leis na prionsabail agus luachanna seo a leanas:

i. Rochtain níos leithne a bheith ar fáil ar ghníomhaíochtaí cultúir agus cruthaitheachta áitiúla (agus rannpháirtíocht iontu).

ii. Úsáid a bhaint as an gcultúr agus as an gcruthaitheacht chun obair i gcomhar agus nuálaíocht a spreagadh i dtaobh folláine, aontacht shóisialta agus forbairt eacnamaíochta níos fearr a bhaint amach.

iii. An cumas atá ag údaráis áitiúla i dtaobh an cultúr agus an chruthaitheacht a imeascadh a neartú ar fud comhfhorbairt áite, athghiniúint, athnuachan agus áiteanna níos bríomhara, níos cruthaithí agus níos inbhuanaithe a fhorbairt.

iv. Infheistíocht a dhéanamh sa chultúr agus sa chruthaitheacht chun tacú le tuairiscí timpeallachta, sóisialta agus eacnamaíochta a chuidíonn cláir oibre na n-údarás áitiúil a chur ar fáil–idir áitiúil agus réigiúnach, go dtí náisiúnta agus idirnáisiúnta.

v. Cur leis an gcur chuige lúfar agus comhtháite atá ag Foirne Cultúir agus Cruthaitheachta chun baint amach breise cláir spríocdhírithe i gcomhar a chothú.

# 5 Tosaíochtaí Straitéiseacha do Chontae Chorcaí

### Tosaíocht Straitéiseach 1: Pobail Nasctha, Chruthaitheacha.

Cuimsítear sa tosaíocht straitéiseach seo príomhról an údaráis áitiúil i soláthar chlár Éire Ildánach.

Tá dlúthnasc idir Comhairle Contae Chorcaí agus go leor de na pobail éagsúla a bhfuil sí ag freastal orthu. Inár bhfís, páirteach i bpobail nasctha agus chruthaitheacha tá daoine de gach aois agus ó gach cúlra, pobail atá oscailte, idirghlúine, ilchultúrtha, éagsúil agus ildisciplíneach. Tacóidh Comhairle Contae Chorcaí le comhpháirtíochtaí comhoibríocha, fiúntacha chun cuspóirí coiteanna cultúrtha agus cruthaitheacha a chomhlíonadh. Tríd an bpróiseas seo, beidh deiseanna cultúrtha agus cruthaitheacha níos sofheicthe agus níos inrochtana don phobal áitiúil.

Tá neart cur síos déanta ar na buntáistí pobail a bhaineann le rannpháirtíocht i ngníomhaíochtaí cultúrtha, cosúil leis an tslí a dtacaíonn rannpháirtíocht i ngníomhaíocht chruthaitheach le comhtháthú sóisialta agus a laghdaíonn sé aonrú. Bíonn an pobal áitiúil mórtasach as acmhainní áitiúla cruthaitheacha, ealaíon, cultúrtha agus oidhreachta agus go minic meallann siad baill den phobal mar oibrithe deonacha agus mar rannpháirtithe gníomhacha.

Tá an ról dearfach a d'fhéadfadh a bheith ag líonraí de phobail fhuinniúla i gclár oibre Éire Ildánach a fhorbairt ar mhaithe leis an bpobal áitiúil tugtha faoi deara againn. Táimid airdeallach freisin ar na héilimh atá ar an earnáil phobail agus dheonach sa chontae. Tá ról lárnach ag daoine in aon chlár forbartha a d'fhéadfadh a bheith beartaithe againn. Chuige sin, beidh ár gcur chuige comhairleach seachas forordaitheach agus réalaíoch chomh fada is a bhaineann le measúnú a dhéanamh ar na hacmhainní a theastaíonn chun soláthar éifeachtach a chinntiú.

### Tosaíocht Straitéiseach 1 Cuspóirí:

1. Tríd an straitéis seo beidh sé mar aidhm againn Líonraí Cruthaitheacha Pobail a bhunú agus oibriú leo inár bpríomhbhailte. Trí na líonraí seo tabharfar páirtithe leasmhara le chéile cosúil le grúpaí pobail agus deonacha, baill den phobal gnó, grúpaí sainleasa, ealaíontóirí, déantóirí agus daoine eile ar mian leo fís roinnte, ionchuimsitheacht chultúrtha agus chruthaitheach a fhorbairt agus a sholáthar a rachaidh chun tairbhe a gceantar áitiúil.
2. Díreoimid ar bhearta forbartha acmhainne trí oiliúint agus rannpháirtíocht ar mhaithe le gníomhaíocht a fhorbairt, tacú le gníomhaíocht agus gníomhaíocht a chothabháil. Tacóimid le dea-chleachtas i réimsí cosúil le, ach nach bhfuil teoranta d'ionchuimsiú, éagsúlacht, pleanáil, dea-rialachas, tacaíocht d'oibrithe deonacha, pleanáil oidhreachta agus bainistíocht riosca.
3. Cuirfimid obair i gcrích chun feasacht, rochtain ar agus úsáid acmhainní cultúrtha agus cruthaitheacha a mhéadú, acmhainní sóisialta agus fisiciúla a bheidh ar fáil ag leibhéal áitiúil. Déanfar é sin trí fhoilseachán, roinnt eolais agus rannpháirtíocht.
4. Cuirfimid obair i gcrích d'fhonn a chinntiú go bhfuil ealaíontóirí cruthaitheacha, déantóirí, dearthóirí, fiontraithe cruthaitheacha agus daoine eile nasctha le, páirteach in agus ar an eolas maidir le soláthar cuspóirí straitéis Chontae Chorcaí.
5. Tá sé mar aidhm againn a chinntiú go bhfuil na tionscnaimh a fhorbraímid nó a dtacaímid leo ailínithe le cuspóirí Straitéis Éire Ildánach 2023–2027.
6. Sainaithneoimid, tacóimid le agus cumhachtóimid daoine aonair nó eagraíochtaí ar mian leo forbairt chultúrtha agus chruthaitheach a stiúradh ina bpobail.

### Tosaíocht Straitéiseach 2: Comhfhorbairt Áite agus Ionadaíocht Chruthaitheach

Trí Chomhfhorbairt Áite Straitéiseach a shainaithint mar thosaíocht straitéiseach, is é an aidhm atá againn tairbhe a bhain as sócmhainní agus leasa cultúrtha éagsúla chun tacú leis an gcuspóir foriomlán



Bike Circus Clonakilty 2021.
**Photograph:** Anna Gronieck a

— a chinntiú gur áiteanna mealltacha, bríomhara agus inchónaithe iad ár mbailte, sráidbhailte agus suíomhanna tuaithe. Bainimid úsáid as an téarma comhfhorbairt áite cruthaitheach chomh fada is a bhaineann lena chumas spásanna poiblí, struchtúir agus sráid-dreacha a thabhairt chun beochta, a chumas nasc a bhunú trí dhaoine a thabhairt le chéile chun ceiliúradh a dhéanamh, iad féin a spreagadh agus foinsí spreagtha a aimsiú.

Baineann tábhacht le nasc le háit agus braistint chómhuintearais i ndáil le hathléimneacht agus maolú an athraithe aeráide i measc pobal áitiúil agus an timpeallacht mórthimpeall orthu. Feabhsaíonn braistint chómhuintearais an nasc atá ag duine leis an timpeallacht áitiúil, agus sa chiall sin, tá sé mar aidhm againn comhfhorbairt áite a úsáid chun athruithe ar dhearcthaí iompair a chur chun cinn chomh fada is a bhaineann leis an timpeallacht áitiúil agus leis an athrú aeráide.

Tá an téarma 'ionadaíocht' curtha san áireamh sa tosaíocht seo againn d'fhonn a léiriú go dtuigimid nach mór don phróiseas comhfhorbartha áite aird a thabhairt ar thuairimí difriúla agus ar dhearcthaí maidir le háit nach gceistítear go minic.

### Tosaíocht Straitéiseach 2 Cuspóirí:

1. Comhfhorbairt áite cruthaitheach a úsáid chun athbheochan, caitheamh aimsire cultúrtha agus athléimneacht chultúrtha a spreagadh inár mbailte, sráidbhailte agus ceantair tuaithe. Tá sé mar aidhm ag Comhairle Contae Chorcaí braistint chómhuintearais, dea-chleachtas, roinnt eolais agus eispéireas a chothabháil, a bheidh mar bhonn le tuiscint idirchultúrtha, comhoibriú agus comhtháthú sóisialta.
2. Scrúdú a dhéanamh ar phointí rannpháirtíochta agus comhair le Stiúrthóireachtaí Chomhairle Contae Chorcaí ar mhaithe le cuir chuige chruthaitheacha maidir leis an ríocht phoiblí, feabhsú pobail agus athghiniúint uirbeach a fhorbairt.
3. Comhoibriú go straitéiseach le hOifigí na gCeantar Bardasach chun tacú le tionscnaimh atá á stiúradh ag an bpobal a chruthaíonn deiseanna inbhuanaithe agus inrochtana do dhaoine ionas gur féidir leo tairbhe a bhaint as deiseanna cruthaitheachta agus as cultúr sa cheantar áitiúil.
4. Tacú le rannpháirtíocht ionchuimsitheach sa saol pobail agus cultúrtha agus a chinntiú go bhfuil á léiriú ar éagsúlacht cúlraí agus eispéireas daoine agus go bhfuil luach lena leithéid trí aitheantas agus ionadaíocht ionchuimsitheach.
5. Acmhainní grúpaí agus eagraíochtaí éagsúla ar fud an chontae a fhorbairt ar bhealach comhoibríoch chun cláir chruthaitheacha comhfhorbartha áite atá ionchuimsitheach agus inrochtana a stiúradh agus a chothabháil, cláir atá oiriúnach do dhaoine de gach aois i gceantair áitiúla, agus tacú le nasc le háite agus braistint chómhuintearais.
6. Tairbhe a bhaint as cur chuige ilchultúrtha agus idirghlúine a thugann deis do dhaoine éagsúla clársceidealú cultúrtha ar ardchaighdeán a rochtain, a chruthú agus a tháirgeadh, agus tacú le rannpháirtíocht chruthaitheach i measc pobal. Cruthaigh agus cothabháil deiseanna le haghaidh rannpháirtíocht daoine óga sna healaíona, san oidhreacht, sna tionscail chruthaitheacha agus sa teicneolaíocht trí chomhairliúchán agus comhpháirtíochtaí le daoine óga. Daoine scothaosta a nascadh trí chlársceidealú cosúil le Comrádaithe Cultúrtha chun cruthaitheacht a roinnt agus a scrúdú, folláine a chothabháil agus braistint chómhuintearais a chruthú mar aon le rannpháirtíocht sa léiriú cruthaitheach agus cultúrtha. Oibriú le struchtúir ionadaíocha atá bunaithe lena n-áirítear Comhairle na nDaoine Scothaosta, Comhpháirtíocht Áitiúil Chruthaitheach na nÓg agus an Líonra Rannpháirtíochta Pobail.
7. Nasc a chruthú idir gníomhaíochtaí a bhaineann le gníomhú ar son na haeráide agus an timpeallacht áitiúil chun an caidreamh idir pobail agus an dtimpeallachtaí nádúrtha níos leithne a chothabháil, agus tacú le hathrú iompraíochta i ndáil le gníomhú ar son na haeráide.

### Strategic Priority 3: The Creative Economy

Seo a leanas an sainmhíniú atá luaite le geilleagar cruthaitheach "idirbhearta táirgí cruthaitheacha a bhfuil earra nó seirbhís gheilleagrach luaite leo a eascraíonn as cruthaitheacht agus lena mbaineann luach geilleagrach" (Howkins 2001). De réir mar a bheidh Éire agus an domhan trí chéile ag athrú ó shamhail atá bunaithe ar dhéantúsaíocht táirge-bhunaithe go dtí samhail atá bunaithe ar sheirbhísí, cuirfear san áireamh an tábhacht a bhaineann le smaointeoireacht chruthaitheach, an acmhainn smaointe a fhorbairt agus a thráchtearrú mar phríomhscoil luachmhar. Cuimsítear sna tionscail chruthaitheacha fógraíocht, ailtireacht, na healaíona, ceardaíocht, dearadh, faisean dearthóra, scannán agus físeán, ceol, na taibh-ealaíona, foilsitheoireacht, bogearraí agus cluichí ríomhaire agus léiriú teilifíse agus raidió.

Sa tosaíocht straitéiseach seo, admhaíonn Comhairle Contae Chorcaí an gá atá le cruthaitheacht a leabú ina cuid oibre i ndáil le forbairt shóisialta, chultúrtha agus gheilleagrach agus obair a dhéanamh chun deiseanna a chruthú do ghairmithe cruthaitheacha atá ag obair sa chontae faoi láthair agus a bheidh ag obair sa chontae amach anseo agus cur ar chumas na dtionscal cruthaitheach ról níos suntasaí a bheith acu i dtacú le forbairt.

Is eol le fada an lá go mbaineann buntáiste geilleagrach le gníomhaíocht chultúrtha i réimsí cosúil le turasóireacht. Bhain Contae Chorcaí tairbhe as a íomhá mar chontae ina bhfuil earnáil chultúrtha bríomhar, agus meallann na himeachtaí agus nithe is díol spéise ó thaobh cultúir de go leor cuairteoirí as ar fud an domhain.

Chomh maith leis sin, d'fhéadfadh go mbeadh ról ag moil chultúrtha a bhailíonn cumas cruthaitheach le chéile agus a chothaíonn an cumas sin, in athbheochan ár mbailte agus sráidbhailte.

### Tosaíocht Straitéiseach 3 Cuspóirí:

1. Tacú le gairmithe cruthaitheacha a gcleachtais a fhorbairt agus a chothabháil i gContae Chorcaí trí thacaíochtaí sonracha, dreasachtaí agus beartas straitéiseach, lena n-áirítear rochtain ar spásanna oibre, forbairt ghairmiúil agus clársceidealú forbarthach a úsáideann agus nascann leis na tacair sainscileanna uathúla agus le saineolas na hearnála.
2. Taighde agus forbairt tacaíochtaí agus líonraí do ghairmithe cruthaitheacha i gceantair tuaithe agus Ghaeltachta an chontae. Éascaigh breis comhair agus piarthacaíochta, a chruthóidh níos mó deiseanna do ghairmithe cruthaitheacha.
3. Obair straitéiseach a dhéanamh le hAonad Forbartha Geilleagraí Chomhairle Contae Chorcaí agus leis an Oifigí Fiontair Áitiúil (LEO) chun aird a tharraingt ar na tacaíochtaí agus líonraí atá ar fáil atá oiriúnach don earnáil chruthaitheach, clár meantóireachta struchtúrtha a chomhbhunú agus triail a bhaint as líonraí piaraí atá bunaithe ar cheantair gheografacha do ghairmithe cruthaitheacha.
4. Tairbhe a bhaint as ár leabharlanna mar chloch choirnéil bhonneagar cultúrtha an chontae, tacú le cruthaitheacht agus le foghlaim chruthaitheach agus le tacaíochtaí atá ar fáil do thionscail chruthaitheacha an chontae.
5. Tacú le gnóthaí agus féilte a bhfuil bealaí cruthaitheacha á bhforbairt acu chun fuíollábhar a laghdú agus a athúsáid mar iarracht an méid dramhaíola atá á chur chuig líonadh talún agus an tionchar ar an timpeallacht a laghdú.
6. Leanúint ar aghaidh ag tacú le healaíontóirí, dearthóirí agus ceardaithe chun spásanna miondíola a bhunú chun a gcuid saothair a dhíol trí Scéim na nGnólachtaí Nuathionscanta Cruthaitheacha.
7. Foráil a dhéanamh do líonrú agus spásanna oibre oiriúnacha do ghnóthaí cruthaitheacha digiteacha sna moil dhigiteacha nua atá á bhforbairt agus ar an tslí sin, tacú leis an obair atá á déanamh ag Comhairle Contae Chorcaí chun ionaid tráchtála i mbailte agus sráidbhailte a athbheochan.
8. Leanúint ar aghaidh ag obair le roinn Turasóireachta Chomhairle Contae Chorcaí agus le hearnáil féilte an chontae chun tacaíocht, cothabháil agus comhdhlúthú a chinntiú trí bhearta oiliúna forbartha acmhainne.
9. Rannpháirtíocht na n-óg sna healaíona a spreagadh, agus díriú go háirithe ar ealaíona sa spás digiteach fíorúil.
10. Scrúdú a dhéanamh ar dheiseanna chun oibriú le agus tacú le gairmithe scannáin atá ag obair sa chontae.
11. Tuilleadh forbairt a dhéanamh ar earnáil thionscal digiteach cruthaitheach an chontae trí naisc a bhunú le clár eile sa réigiún, e.g., Fóram Beochana Mumhan agus naisc a fhorbairt le soláthraithe oiliúna sa réigiún.

## Tosaíocht Straitéiseach 4: Folláine agus Cruthaitheacht

Seo a leanas an sainmhíniú atá luaite ag an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte le meabhairshláinte, *"staid folláine ina dtuigeann gach duine a bpoitéinseal féin, inar féidir leis/léi déileáil le gnáthbhrú an tsaoil, inar féidir leis/léi oibriú go tairbheach agus go fiúntach, agus inar féidir leis/léi cur le saol an phobail"*.

Tá Foireann Chultúir agus Chruthaitheachta Chontae Chorcaí tiomanta d'oibriú le clár Éire Sláintiúil, Seirbhísí Leabharlainne, Comhairle na nDaoine Scothaosta, Comhpháirtíocht Áitiúil Chruthaitheach na nÓg, Comhairle na nÓg agus eagraíochtaí eile, agus do chomhoibriú go straitéiseach lena chéile chun cláir a sholáthar i gcomhpháirt a thacaíonn le folláine daoine aonair agus grúpaí.

TTá roinnt eagraíochtaí agus tionscnamh seachtrach ann atá ag díriú ar chruthaitheacht agus ar fholláine a bhfuilimid ag obair i gcomhpháirt leo chun luach a chur leis an obair atá ar bun acu agus cur leis an tionchar a bheidh ag clár Éire Ildánach. Chomh maith leis sin, tá sé mar aidhm againn cur leis an tionchar a bheidh againn agus a chinntiú go mbeidh daoine éagsúla ag glacadh páirte.

Is léir ó thaighde a rinne *Staidéar Fadaimseartha na hÉireann um Aosú* (TILDA), a choimisiúnaigh Éire Ildánach, go dtacaíonn gníomhaíocht chruthaitheach i measc daoine scothaosta le sláinte agus folláine, go laghdaíonn sé uaigneas, dúlagar agus strus. Tá sé mar aidhm againn tionscnaimh chruthaitheacha, shóisialta a fhorbairt atá bunaithe ar thorthaí an staidéir seo.

Ar an gcuma chéanna, aimsíodh sa staidéar dar teideal *Mapping the Art* (NYCI 2021) go dtacaíonn soláthar ealaíon i measc na n-óg le malartú smaointe, caidrimh a thuiscint, buntáistí don fholláine, forbairt scileanna ionbháúla, dinimic foirne, smaointeoireacht chriticiúil agus go soláthraíonn sé deiseanna luachmhara agus éagsúla do rannpháirtíocht shóisialta.

Tá taighde suntasach déanta ina sainaithnítear conas a laghdaíonn an dúlra, nó fiú breathnú ar radhairc den nádúr, fearg, imní agus strus agus conas a mhéadaíonn sé meabhairshláinte agus folláine fhisiciúil dhearfach. (EPA 2020).

### Tosaíocht Straitéiseach 4 Cuspóirí:

Tacaigh le comhpháirtíochtaí nua agus seanbhunaithe a thacaíonn le meabhairshláinte agus sláinte fhisiciúil agus folláine dhearfach chun comhpháirtíochtaí cruthaitheacha nua a sholáthar ar fud an chontae, agus béim ar leith a leagan ar chomhpháirtíochtaí cruthaitheacha nua i dTuaisceart agus in Oirthear Chorcaí.

1. Tacaigh le agus tionscain oiliúint agus líonrú piaraí do ghairmithe cruthaitheacha agus oibriú i gcomhpháirt le gairmithe cúraim sláinte sna hearnálacha sláinte agus folláine. Leanfaidh Comhairle Contae Chorcaí le naisc chruthaitheacha a bhunú le suíomhanna cúraim chun tacú le deiseanna a bhaineann le hobair chruthaitheach fhorbarthach.
2. Cruthaitheacht agus muinín a spreagadh ionas go mbeidh ar chumas daoine forbairt a dhéanamh i gcomhthéacs sóisialta agus comhoibríoch, agus páirt a ghlacadh i gclársceidealú forbarthach cultúrtha agus cruthaitheach chun comhtháthú sóisialta a threisiú agus tacú leis.
3. Cuir chuige pobalbhunaithe a chothabháil i ndáil le clársceidealú fiúntach cruthaitheach agus cultúrtha a thugann tús áite do léiriú cruthaitheach, aidhm agus muinín an rannpháirtí. D'fhéadfadh sé seo tacú le folláine agus aidhm daoine aonair agus an phobail trí chéile a fheabhsú.
4. Tacú le folláine daoine scothaosta trí mhodhanna éagsúla rannpháirtíochta, agus díriú ar rannpháirtíocht shóisialta. Leanúint ar aghaidh lenár gcur chuige trasearnála go hinmheánach agus go seachtrach, agus rannpháirtíocht fhiúntach fhadtéarmach a chothabháil atá bunaithe ar an duine, sofhreagrúil agus straitéiseach.
5. Folláine agus cruthaitheacht a leabú mar thosaíochtaí chun tacú lenár gcaidreamh le agus tuiscint ar an athrú aeráide agus oidhreacht nádúrtha.
6. Nasc a fhorbairt le folláine chruthaitheach i gComhairle Contae Chorcaí trí chlársceidealú cruthaitheach dá baill foirne, oibriú go comhoibríoch le pearsanra Chothú na Sláinte agus Folláine.

## Tosaíocht Straitéiseach 5: Gníomhú Cruthaitheach ar son na hAeráide

Tá d'acmhainn ag an gclár Éire Ildánach tacú leis an gclár oibre áitiúil agus náisiúnta ghníomhú ar son na haeráide. Tá Stiúrthóireacht Timpeallachta Chomhairle Contae Chorcaí ag obair ar bhearta múscailte feasachta cheana féin atá dírithe ar earnálacha éagsúla lena n-áirítear feirmeoireacht, pobal agus oideachas.

Is cás ar leith é déileáil leis na héilimh iomaíocha a bhaineann le cur leis an líon cuairteoirí san earnáil turasóireachta agus ag an am céanna tionchar carbóin na gcuairteanna sin a mhaolú inar féidir tairbhe a bhaint as réitigh chruthaitheacha chun an cheist seo a réiteach. Is léir ó thaighde atá déanta ag Fáilte Éireann gur chuir paindéim COVID-19 dlús le tuiscint cuairteoirí ar an ról atá acu i ndáil le hinbhuanaitheacht agus turasóireacht fhreagrach.

Tá nasc speisialta idir daoine agus a dtimpeallacht nádúrtha agus is léir dúinn go bhfuil an timpeallacht nádúrtha seo ag athrú le himeacht na mblianta mar gheall ar thionchar an athraithe aeráide ar aibhneacha, gnáthóga nádúrtha, foraoisí srl. Is nascphointe luachmhar é an caidreamh le háit san obair atá á déanamh chun aird a tharraingt ar an aeráid agus cuir chuige chruthaitheacha chun an tionchar ar an aeráid a mhaolú a fhorbairt agus a thástáil.

Is féidir cuir chuige nua chun athléimneacht agus maolú aeráide a chur chun cinn a chur in iúl go rathúil agus réitigh nuálacha a fhorbairt trí chlár Éire Ildánach a bheidh le leabú i ngníomhaíochtaí cultúir agus cruthaitheachta trí struchtúir atá bunaithe ag an gcomhairle cheana féin, i ndáil le hoiliúint agus roinnt acmhainní, agus straitéisí laghdaithe carbóin/fuinnimh.

### Tosaíocht Straitéiseach 5 Cuspóirí:

1. Oibriú i gcomhpháirt tríd an bhFoireann Chultúir agus Chruthaitheacha chun príomhghníomhaíochtaí aeráide Chomhairle Contae Chorcaí a leabú i gclársceidealú cultúrtha agus cruthaitheach ar fud an chontae:

— feasacht a mhúscailt
— oibriú le pobail
— oideachas/tionchar - agus é mar aidhm, i ndeireadh na dála, tionchar dearfach a imirt ar iompar.

2. Ailíniú go straitéiseach le tosaíocht Roinn Turasóireachta Chomhairle Contae Chorcaí chun déileáil le lorg carbóin na hearnála turasóireachta agus cabhrú lena chinntiú go mbeidh an earnáil níos inbhuanaithe. Is léir ó thaighde atá déanta gur chuir paindéim COVID 19 dlús le tuiscint cuairteoirí ar an ról atá acu i ndáil le hinbhuanaitheacht agus turasóireacht fhreagrach (Foinse: Fáilte Éireann). Tá Comhairle Contae Chorcaí ag obair le Fáilte Éireann i ndáil leis na nithe seo a leanas:

— Dlús a chur le hathrú ag leibhéal gnó chun tacú le gnó teacht ar thuiscint ar ghníomhaíochtaí laghdaithe carbóin agus na gníomhaíochtaí sin a leabú
— Dlús a chur le hathrú ag leibhéal an chinn scríbe áit a bhfuil sé beartaithe ag Fáilte Éireann i gcomhar le hÚdaráis Áitiúla a bheith ag obair le pobail ina réigiún chun a bhfeidhmíocht inbhuanaitheachta a fheabhsú.
— Cuspóirí Inbhuanaitheachta a Chomhtháthú i bPleananna Forbartha an Eispéiris Chinn Scríbe atá á bhforbairt ag Fáilte Éireann sna réigiúin ar fad faoi láthair, agus is i gCorcaigh atá trí réigiún: Tá dréachtleagan den Phlean Forbartha Eispéiris dar teideal Corcaigh mar Cheann Scríbe - Cuan Chorcaí agus Oirthear Chorcaí forbartha agus tá na pleananna dar teideal Forbairt Eispéireas Chósta agus Leithinsí Iarthar Chorcaí réidh le dáileadh. Is príomhpháirtí é Comhairle Contae Chorcaí i ndáil le soláthar na ngníomhaíochtaí atá sonraithe sna pleananna seo.
— Tá deiseanna nua díolacháin agus margaíochta do ghnóthaí turasóireachta inbhuanaithe atá ag soláthar roghanna níos inbhuanaithe do chuairteoirí á bhforbairt ag foirne margaíochta Fháilte Éireann freisin de bhrí go bhfuil cohórt áirithe cuairteoirí anois ag lorg eispéireas cuairteora atá inbhuanaithe.

3. Oibriú ar bhonn trasrannach leis an Roinn Aeráide agus Timpeallachta, Oifig Fiontair Áitiúil Chontae Chorcaí agus an Roinn Turasóireachta chun tacú le heagraíochtaí cultúrtha agus fiontair chruthaitheacha sa Chontae páirt a ghlacadh i ndeiseanna bainistíochta timpeallachta tríd an gClár Green for Micro a dheileálann le hathrú aeráide agus a tharraingíonn aird ar an gcoigilteas costais is féidir a dhéanamh. Tacú le tionscnaimh chultúrtha agus iad a dhreasú ar mhaithe le páirt a ghlacadh i gcúrsaí oiliúna do mhicreaghnóthaí dar teideal Todhchaí Inbhuanaithe á sholáthar i gcomhpháirt leis an Institiúid um Thaighde Comhshaoil i gColáiste na hOllscoile, Corcaigh.

# 6 Cur chun feidhme arna déanamh ag Foireann Cultúir agus Cruthaitheachta Chontae Chorcaí

Tá Foireann Chultúir agus Chruthaitheachta bunaithe ag Comhairle Contae Chorcaí atá freagrach as an Straitéis seo a threorú agus maoirseacht a dhéanamh ar chur chun feidhme na Straitéise.

Is iad na Foirne Cultúir agus Cruthaitheachta bunchloch na *bPobal Ildánach* ar fud gach ceann den 31 údarás áitiúil in Éirinn. Tugann na foirne seo réimse agus leibhéal suntasach saineolais le chéile agus, in go leor cásanna, áirítear orthu daoine gairmiúla ó réimsí amhail ailtireacht, na healaíona, gníomhú ar son na haeráide, forbairt pobail, fiontraíochta agus timpeallachta, oidhreacht, teicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide, an Ghaeilge, leabharlanna, pleanáil spásúlachta, turasóireacht agus eile. Cuireann an méid eolas teicniúil atá ag na foirne seo ar chumas gach údarás áitiúil úsáid a bhaint as an méid léargais, acmhainní agus taithí seachadta atá acu, nithe nach mbeadh ag mórán eagraíochtaí poiblí eile ná ag eagraíochtaí san earnáil phríobháideach.

**Is é an ról atá ag an bhfoireann seo ná:**

— Fóram comhchoiteann a chur ar fáil i dtaobh uaillmhian an chultúir agus na cruthaitheachta laistigh den údarás áitiúil;

— Díriú ar éagsúlacht agus uileghabhálacht agus a chur ar chumas pobail a bhfuil sé níos deacra iad a mhealladh a bheith páirteach i ngníomhaíochtaí cultúir agus cruthaitheachta;

— Cur le saineolas agus straitéisí intí atá ann cheana ar feadh réimsí na folláine, aontacht folláine agus forbairt eacnamaíochta d'fhonn leas a bhaint as an gcultúr agus as an gcruthaitheacht chun cláir oibre spriocdhírithe údaráis áitiúil a chur ar fáil; Athrú a chumasú i dtaobh an luach atá ar earnáil an chultúir agus na cruthaitheachta laistigh d'údaráis áitiúla agus ar fud údaráis áitiúla agus a chinntiú go ndéantar an cultúr agus an chruthaitheacht a leabú ar fud pleananna, polasaithe agus foirne tionscadail sna húdaráis áitiúla.


— Borradh a chur faoi ghníomhartha tras-chomhoibríocha a thacaíonn le hathrú agus torthaí dearfacha go háitiúil, agus a d'fhéadfadh a bheith ann idir údaráis áitiúla ag leibhéal réigiúnach; agus

— A bheith nuálach agus rioscaí a ghlacadh — tionscadail nua agus bealaí nua oibre a thriail.

Tá soláthar na Straitéise á stiúradh ag Stiúrthóir Seirbhísí d'Oibríochtaí an Cheantair Bhardasaigh agus Forbairt Tuaithe agus ag baill d'Fhoireann Chultúir agus Chruthaitheachta Chomhairle Contae Chorcaí lena n-áirítear Leabharlannaí an Chontae, an tOifigeach Turasóireachta, an tOifigeach Ealaíon, an tOifigeach Oidhreachta, Oifigeach na Gaeilge agus an tOifigeach Fuinnimh agus Aeráide.

Tá ról lárnach ag na struchtúir agus próisis seo chomh fada is a bhaineann le cur ar chumas na *bPobal Ildánach* tosaíochtaí straitéiseacha a chomhlíonadh do Chomhairle Contae Chorcaí.

## Léarscáil de Chontae Chorcaí



A Government of Ireland Initiative.
Tionscnamh de chuid Rialtas na hÉireann.

—

CreativeIrl
creativeirl
creativeireland

—

**creativeireland.gov.ie**

**Éire Ildánach**

*Ag spreagadh agus ag athrú daoine, áiteanna agus pobal tríd an gcruthaitheacht.*